**Leasú 4**
**Luděk Niedermayer**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0155/2024**
**Pedro Marques**
lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a chistiú
(COM(2023)0226 – C9-0139/2023 – 2023/0111(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 806/2014
Airteagal 3 – Mír 1 – Pointí 56, 57 agus 58 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:*** |
| | ***'(56) ciallaíonn 'banc le haghaidh spreagadh' aon ghnóthas nó eintiteas a chuireann rialtas láir nó réigiúnach de chuid Ballstáit ar bun, a dheonaíonn iasachtaí spreagtha ar bhonn neamhiomaíoch, neamhbhrabúis chun cuspóirí bheartas poiblí an rialtais sin a chur chun cinn, ar choinníoll go bhfuil oibleagáid ar an rialtas sin bonn eacnamaíoch an ghnóthais nó an eintitis a chosaint agus inmharthanacht an ghnóthais nó an eintitis a choinneáil ar feadh a ré, nó go ráthaíonn rialtas láir nó réigiúnach an Bhallstáit, go díreach nó go hindíreach, ar a laghad 90% dá chistiú bunaidh nó den iasacht spreagtha a dheonaíonn sé;*** |
| | ***(57) ciallaíonn 'iasacht spreagtha' iasacht a dheonaíonn banc le haghaidh spreagadh nó a dheonaítear trí bhanc idirmheánach ar bhonn neamhiomaíoch, neamhbhrabúis, agus rioscaí á gcoinneáil ag an mbanc le haghaidh spreagadh, chun cuspóirí beartais phoiblí rialtais láir nó réigiúnaigh Bhallstáit a chur chun cinn;*** |

***(58) ciallaíonn 'institiúid idirmheánach' institiúid creidmheasa a sholáthraíonn iasachtaí spreagtha ar choinníoll nach dtugann sé iad mar chreidmheas don chustaiméir deiridh.';***

Or. en

18.4.2024 A9-0155/5

**Leasú 5**
**Luděk Niedermayer**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0155/2024**
**Pedro Marques**
lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a chistiú (COM(2023)0226 – C9-0139/2023 – 2023/0111(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 806/2014
Airteagal 12 – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(6 a) in Airteagal 12, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*** |
| | ***'4a. Sa ríomh ar an íoscheanglas dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo agus in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE, eisiafar, i gcás institiúidí a oibríonn iasachtaí spreagtha, dliteanais na hinstitiúide idirmheánaí i leith na hinstitiúide tionscnaimh nó i leith banc eile le haghaidh spreagadh nó i leith institiúid idirmheánach eile agus eisiafar dliteanais an bhainc bunaidh le haghaidh spreagadh i leith a páirtithe cistiúcháin sa mhéid go bhfreagraíonn méid na ndliteanas sin d'iasachtaí spreagtha na hinstitiúide sin.';*** |

Or. en